Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9837/26**

**RECH 248**
**COMPET 642**
**IND 373**
**MI 551**
**EDUC 187**
**TELECOM 276**
**ENER 290**
**ENV 584**
**AGRI 434**
**TRANS 355**
**SAN 361**
**ATO 23**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 255 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Teicneolaíche an Aontais Eorpaigh agus maidir leis an bhFaireachán ar an gclár Fís Eorpach in 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 255 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 255 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2026
COM(2026) 255 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Teicneolaíche an Aontais Eorpaigh agus maidir leis an bhFaireachán ar an gclár Fís Eorpach in 2025**

# 1. CÚLRA

Leis an tuarascáil seo, soláthraítear forbhreathnú ar phríomhghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) an Aontais agus ar an bhfaireachán a rinne sé ar an gclár Fís Eorpach agus ar Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom in 2025.

Dréachtaíodh í i gcomhréir le hAirteagal 190 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le hAirteagal 7 de Chonradh Euratom, i gcomhar le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus le hAirteagal 12 de Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

# 2. COMHTHÉACS POLAITIÚIL AGUS FORBAIRTÍ BEARTAIS

In 2025, bhí T&N riachtanach chun príomhthionscnaimh an Aontais a chur chun cinn, rud a léiríonn an ról ríthábhachtach atá acu maidir leis an iomaíochas a fheabhsú. Dírítear sa roinn seo a leanas ar thionchar claochlaitheach na bhforbairtí sin ar fud na n-earnálacha, rud a dhearbhaíonn tiomantas an Aontais geilleagar atá bunaithe ar an nuálaíocht a chothú.

## 2.1. Rathúnas inbhuanaithe, margadh aonair agus iomaíochas na hEorpa

Seoladh an tionscnamh Roghnaigh an Eoraip i mí na Bealtaine agus féachtar leis an tionscnamh an **ceann scríbe is tarraingtí do thaighdeoirí** a dhéanamh den Eoraip. Idir an dá linn, is é is aidhm do straitéis an Aontais um ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú príomh-mhol do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú atá dírithe ar an teicneolaíocht a dhéanamh den Aontas. Ghlac an Coimisiún an straitéis Eorpach maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta freisin chun bonneagar den chéad scoth, inrochtana agus ailínithe leis an tionscal a chothú.

I **Seimeastar Eorpach 2025** díríodh ar thosaíochtaí an Chompáis Iomaíochais, lena n-áirítear an bhearna nuálaíochta a dhúnadh. Mar léiriú ar an tosaíocht sin, fuair 26 Bhallstát moladh tírshonrach maidir le T&N.

Ar leibhéal na hearnála, d'oibrigh an Coimisiún le comhlachais comhpháirtithe ábhartha iompair ar bhóithre agus ceallraí trí Mheabhrán Tuisceana agus trína bhunspriocanna, chun gníomhaíochtaí T&N ón bplean gníomhaíochta tionsclaíoch nua um an **tionscal gluaisteán** Eorpach a chur chun feidhme. Le T&N, rannchuidíodh freisin leis an togra le haghaidh Ghníomh AE um Spás nua, arb é is aidhm dó nuálaíocht agus timpeallacht ghnó chobhsaí a chothú. Ina theannta sin, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht inar leagadh amach fís le haghaidh gheilleagar spáis na hEorpa. Ghlac an Coimisiún an Fhís le haghaidh na **Talmhaíochta** agus an Bhia – ag cur i dtábhacht an ról atá ag T&N chun córas agraibhia tarraingteach, iomaíoch agus cothrom a spreagadh. Leis an bplean gníomhaíochta maidir le **tionscal na gceimiceán**, neartaítear iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht an tionscail trí bhorradh a chur faoin nuálaíocht. Ghlac an Coimisiún straitéis **bhithgheilleagair** nua de chuid an Aontais agus Gníomh

Eorpach um an m**Bith-theicneolaíocht**, ina bhfuil gnéithe a bhaineann le héicitheicneolaíochtaí agus iomaíochas i réimse an bhia agus na sláinte.

Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún an straitéis um eolaíochtaí beatha na hEorpa, rud a fhágann go mbeidh an tAontas ina mhol domhanda don nuálaíocht ar fud na sláinte, na bith-theicneolaíochta, na gcóras bia agus na monaraíochta glaise faoi 2030.

Le T&N, rannchuidíodh freisin le **Bauhaus Eorpach Nua** lena dtacaíodh le tionscadail chun timpeallacht thógtha na gcomharsanachtaí a chlaochlú. Aithnítear sa Teachtaireacht maidir le Bauhaus Eorpach Nua agus sa togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Bauhaus Eorpach Nua rannchuidiú thionscadail Bauhaus Eorpach Nua i leith T&N.

## 2.2. Uathriail straitéiseach, cosaint agus slándáil

Amhail an t-iomaíochas, is riachtanais bheartais iad an tslándáil agus an athléimneacht, a bhfuil dlúthbhaint acu leis an nuálaíocht. Sna straitéisí beartais seo a leanas, a chuir an Coimisiún ar aghaidh in 2025, sainaithnítear taighde dé-úsáide, nuálaíocht agus teicneolaíocht mar phríomhghnéithe:

- an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta
- ProtectEU – Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach
- an Páipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta Eorpach – Ullmhacht 2030, agus Treochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta ina dhiaidh sin
- an Treochlár um Chlaochlú Thionscal Cosanta an Aontais

Cuirtear i dtábhacht iontu sin ar a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as taighde sibhialtach níos leithne agus éiceachóras nuálaíochta teicneolaíochta doimhne na hEorpa ar mhaithe le hullmhacht cosanta.

Leis an mion-omnibus cosanta, chomhaontaigh na comhreachtóirí go sealadach raon feidhme an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a leathnú chun teicneolaíochtaí cosanta a chumhdach agus chun go mbeidh an Luasaire CNE in ann tacú le nuálaíocht dé-úsáide agus nuálaíocht i réimse na cosanta. Le hathbhreithniú meántéarma 2025 ar an mbeartas comhtháthaithe, neartaíodh tacaíocht d’infheistíochtaí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip agus cruthaíodh deiseanna nua chun tosaíochtaí T&N atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú i gcláir chomhtháthaithe.

## 2.3. An t-aistriú glas

Chuir an Coimisiún aistriú glas an Aontais chun cinn trí thionscnaimh chomhordaithe thionsclaíocha, chomhshaoil agus thaighde chun spreagadh iomaíochais a dhéanamh den **dícharbónú**. I mí Feabhra, sheol an Coimisiún an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, ina leagtar amach gníomhaíocht le haghaidh tionscail dianfhuinnimh, teicneolaíochtaí glana agus na ciorclaíochta. An tráth céanna, rinneadh athchóiriú ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach chun infheistíochtaí T&N lena dtacaítear le dícharbónú na n-earnálacha guail agus cruach a shimpliú agus chun dlús a chur leo.

Tugadh aghaidh ar an m**bithéagsúlacht, ar an uisce, ar na haigéin agus ar an truailliú** trí chineálacha cur chuige comhtháite atá dírithe ar an nuálaíocht. Sampla amháin sa

bhithéagsúlacht ab ea an Dlí nua maidir le Faireachán Ithreach, lena dtacaítear leis an gcuspóir maidir le hithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Leis an straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce, cuirtear slándáil uisce chun cinn trí thimthriall an uisce a athchóiriú, trí gheilleagar atá cliste ó thaobh uisce de agus trí rochtain ar uisce glan agus inacmhainne do chách. Leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan, tugtar tús áite do thaighde, scileanna agus nuálaíocht maidir leis na haigéin.

Lean beartais **aeráide agus fuinnimh** de bheith ag brath go mór ar an eolaíocht agus ar an nuálaíocht. I measc na dtionscnamh nua in 2025, foilsíodh clár oibre straitéiseach T&N maidir leis an tsláinte agus leis an athrú aeráide. I gcás an fhuinimh, leis an bplean gníomhaíochta um fhuinneamh inacmhainne, le tuarascáil 2025 ar dhul chun cinn maidir le hiomaíochas teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, leis an Teachtaireacht maidir le teicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite, agus leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha, treisíodh ról na nuálaíochta maidir le dlús a chur le húsáid chostéifeachtach fuinnimh ghlain.

### 2.4. Intleacht Shaorga agus an t-aistriú digiteach

I mí Dheireadh Fómhair, ghlac an Coimisiún a **straitéis um an intleacht shaorga san eolaíocht**. Tionscadal suaitheanta is ea institiúid fhíorúil na hAcmhainne um Thaighde IS san Aontas Eorpach a chruthú, lena gcomhthiomsófar agus lena n-ailíneofar tallann agus barrfheabhas eolaíochta na hEorpa, cumhacht ríomhaireachtúil, sonraí eolaíocha agus cistiú taighde.

Stiúradh an obair ar T&N freisin mar thoradh ar na forbairtí seo a leanas sa teicneolaíocht dhigiteach.

- Maidir leis an **intleacht shaorga**, ag bogadh ó rialáil go seachadadh, ghlac an Coimisiún an plean gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga agus an straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga. Sa bhreis ar fhógra InvestAI, leathnaigh an tAontas líonra na Monarchana IS, rud a neartaigh a uaillmhian 'Mór-Roinn na hIntleachta Saorga', rud a réitigh an bealach do Ghigeamhonarchana IS amach anseo.

- Maidir le **teicneolaíocht chandamach**, chuir an Coimisiún an straitéis um Eoraip Chandamach i bhfeidhm, arb é is aidhm di ceannródaí domhanda sa réimse a dhéanamh den Eoraip faoi 2030.

- Leathnaíodh **Néal na hOidhreachta Cultúrtha** agus tá 187 n-eagraíocht chomhpháirtíochta páirteach ann anois lena gcumhdaítear na Ballstáit uile agus tíortha comhlachaithe Fís Eorpach.

- Chuir an tUachtarán von der Leyen fréamhshamhail Digital Twin of the Ocean Eorpach i láthair ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin i mí an Mheithimh.

- Glacadh an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta, a bhfuil sé d'aidhm aici borradh a chur faoi iomaíochas teicneolaíochta agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe.

## 2.5. Comhpháirtíocht leis na Ballstáit

Maidir le bearta T&N sa t**Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**, baineadh amach 351 gharsprioc agus sprioc a bhaineann le T&N. Is léir go bhfuil samhail na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta éifeachtach maidir le hinfheistíochtaí T&N agus athchóirithe claochlaitheacha a spreagadh ar fud an Aontais, de réir staidéar tiomnaithe ar T&N sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. I dtéarmaí sineirgí le beartas comhtháthaithe, tá aistrithe buiséid ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa chuig an gclár Fís Eorpach á gcur chun feidhme i Málta agus sa Liotuáin.

Daingníodh plé déthaobhach idir an Coimisiún agus na Ballstáit i rith na bliana trí **idirphlé feabhsaithe** leis an Danmhairg, leis an mBulgáir, leis an bPortaingéil, leis an bhFionlainn agus leis an Spáinn. Thairis sin, leis an t**Saoráid Tacaíochta Beartais**, leanadh de bheith ag cuidiú leis na Ballstáit agus le tíortha comhlachaithe a gcórais T&N a athchóiriú. Tugadh gníomhaíochtaí tírshonracha don Bhulgáir, don tSeicia, don Fhionlainn agus don Úcráin i gcrích. Reáchtáladh cleachtaí foghlama frithpháirtí maidir le gairmeacha taighde, beartais náisiúnta um IS san eolaíocht, an bhearna idir eolaíocht agus beartas a dhúnadh, agus rannpháirtíocht an phobail in T&N, le líon ard tíortha rannpháirteach. Ina theannta sin, foilsíodh an tuarascáil thríbhliantúil 'She Figures' chun tacú leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara feabhas a chur ar chomhionannas inscne laistigh den Limistéar Eorpach Taighde.

Seoladh Compás nua Beartas an Choimisiúin Eorpaigh agus **ECFE** maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, lena gcomhiomlánaítear sonraí maidir le tionscnaimh bheartais agus treochtaí T&N in aon ardán amháin.

## 2.6. An Eoraip dhomhanda

Lean an tAontas de thacaíocht a thabhairt do théarnamh na h**Úcráine** tríd an gComhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Eolaíocht, Taighde agus Nuálaíocht san Úcráin a sheoladh, in éineacht leis an Úcráin, leis an Iodáil agus le UNESCO.

Treisíodh comhpháirtíochtaí leis an **Afraic** agus leis an **Meánmhuir** freisin, go háirithe trí chaibidlíocht le haghaidh Comhaontú maidir le hEolaíocht agus Teicneolaíocht idir an tAontas agus an **Nigéir** agus trí chomhaontuithe Comhphairtíochta maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara leis an **Iordáin**, leis an **Liobáin** agus le **Maracó** a athnuachan. Doimhníodh an comhar straitéiseach leis na príomh-chomhpháirtithe domhanda a dhoimhniú, lena n-áirítear tríd an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an **India**. Cuireadh dlús leis an gcomhar le **Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib** leis an gcéad Chruinniú Aireachta idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh maidir le T&N.

Cé gur thosaigh an bhliain le hathnuachan rathúil an Chomhaontaithe Eolaíochta agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, rinneadh difear do phríomhréimsí amhail gníomhú ar son na haeráide mar thoradh ar athruithe beartais ó na Stáit Aontaithe ina dhiaidh sin. Sa chomhthéacs sin, choinnigh an tAontas idirphlé oscailte ar bun agus threisigh sé tionscnaimh iltaobhacha, go háirithe maidir le breathnóireacht aeráide agus aigéan.

Léiríodh an gealltanas sin don **iltaobhachas** i nglacadh Phacáiste Tshwane G-20, lena gcuirtear an nuálaíocht oscailte chun cinn, agus i ról neartaithe an Aontais sa taidhleoireacht eolaíochta dhomhanda. Ina theannta sin, bhí an Coimisiún ina

chomhchathaoirleach ar an bhFóram Domhanda um Fhaire na Cruinne 2025 agus bhí sé ina chathaoirleach ar Chomhghuaillíocht an Atlantaigh Uile um Thaighde agus Nuálaíocht ar an Aigéan. D'eagraigh an Coimisiún fóram na Comhghuaillíochta i mí Mheán Fómhair, inar seoladh Líonra an Atlantaigh Uile um Shuíomhanna Rabhacháin Athléimneachta Cósta agus an Clár Idirghlúine Gorm. Laistigh den **Mhisean um an Nuálaíocht**, chuir an tAontas dlús leis an aistriú chuig fuinneamh glan, agus d'aithin sé 101 thionscadal um Ghleann Hidrigine ar fud 38 dtír.

Tá ról ríthábhachtach ag an gclár Fís Eorpach maidir le tacú le réimsí tosaíochta Global Gateway.

## 2.7. Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha arna gcur chun feidhme ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin

Chuir an tAirmheán Comhpháirteach Taighde 824 fhoilseachán piarmheasúnaithe agus 917 n-aschur eolaíochta le haghaidh beartais agus teicniúil ar fáil. Áirítear an méid seo a leanas ar na buaicphointí:

- tuarascáil ionchais maidir leis an **intleacht shaorga ghiniúnach** lena soláthraítear anailís réamhbhreathnaitheach ar a hacmhainneacht chlaochlaitheach san Aontas, lena n-áirítear an tionchar socheacnamaíoch ar chúram sláinte, ar an oideachas, ar an bhfostaíocht agus níos faide i gcéin;
- seoladh shaotharlann nua **Slándála Teorann** an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, líonra saotharlann atá ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais;
- eagrán nua d'**Atlas na hImirce**, ina dtugtar forbhreathnú comhchuibhithe ar an imirce ar fud an domhain;
- tuarascáil eolaíochta le haghaidh beartais maidir le leas a bhaint as acmhainneacht an aistrithe chuig **geilleagar ciorclach** i dtionscail dianfhuinnimh;
- seoladh an **Mhoil Bochtaineachta Iompair**, lena gcumasaítear idirghabhálacha agus faireachán ar dhul chun cinn i dtreo chórais iompair an Aontais atá níos cuimsithí.
- dhá **atlas nua maidir le mínábhar cáithníneach** (PM2.5) – lena gcumhdaítear, den chéad uair, cathracha i dtíortha an mhéadaithe.

# 3. An Clár Fís Eorpach agus Clár Taighde agus Oiliúna Euratom a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu

## 3.1. An Clár Fís Eorpach in 2025 – buaicphointí agus gnéithe nua

Bhí mórfhorbairtí clársceidealaithe le haghaidh na 3 bliana deiridh den chlár Fís Eorpach 2021-2027 ina ndlúthchuid de 2025. Glacadh 'príomhchlár' oibre 2025 an chláir Fís Eorpach i mí na Bealtaine, agus an 'príomhchlár' oibre 2026-2027 ina dhiaidh sin i mí na Nollag. Leis an dá chlár oibre, cuireadh béim láidir ar shimpliú, agus tugadh isteach leis an gclár oibre sin freisin úsáid glaonna cothrománacha i réimsí straitéiseacha.

**Comhlachas tríú tíortha leis an gclár Fís Eorpach**

Shroich an líon tíortha comhlachaithe 22. Síníodh roinnt comhaontuithe comhlachais le linn na bliana: chuaigh an Eilvéis agus an Éigipt isteach sa chlár Fís Eorpach ina iomláine, chuaigh Poblacht na Cóiré isteach i gColún II de. EUR 3,3 billiún a bhí sa ranníocaíocht oibríochtúil chomhcheangailte ó thíortha comhlachaithe in 2025, agus bhí breis agus 15 500 rannpháirtí i gceist ó thús an chláir réime sin.

## 3.2. An Clár Fís Eorpach a shimpliú

Ba chor cinniúnach é 2025 chun tírdhreach tacaíochta T&N an Aontais a shimpliú.

Leis an gclár Fís Eorpach, soláthraíodh na hathchóirithe praiticiúla seo a leanas lenar laghdaíodh an riarachán agus lenar cuireadh dlús le torthaí nuálaíochta.

- Cuireadh **cistiú cnapshuime** i bhfeidhm de réir a chéile, rud a laghdaigh an gá le costais iarbhír a thuairisciú agus a d'éascaigh rannpháirtíocht, go háirithe do FBManna agus do núíosaigh. Is iad na príomhchuspóirí castacht riaracháin do thairbhithe agus earráidí airgeadais a laghdú.
- Moladh sna cláir oibre **níos lú ábhar**, le tuairiscí níos giorra, agus téacs giorraithe den chlár oibre. Leis na cláir oibre, tugadh **ábhair níos oscailte** isteach freisin, agus an stiúradh straitéiseach á coinneáil ar bun an tráth céanna.
- Rinneadh **ceanglais togra** a chuíchóiriú, gan gá leis an méid céanna faisnéise roimh ré maidir le roinnt gnéithe a bhaineann le beartas, agus a raibh foirm thogra níos giorra mar thoradh air.
- Baineadh úsáid as **meastóireacht dhá chéim** le haghaidh 29 dtopaic, rud a chuir ar a gcumas d'iarratasóirí tograí níos giorra a chur isteach ar dtús agus gan tograí iomlána a ullmhú ach amháin má roghnaítear don dara céim iad. Déantar meastóireacht dhall ar go leor de na tograí gearra sin, mar bhealach chun riosca féideartha claontachta a sheachaint.
- Feabhsaíodh **trédhearcacht** trí théacsanna dréachtchláir oibre a chur ar fáil go poiblí.

Le h**idirphlé maidir le cur chun feidhme** agus **seiceálacha réadúlachta**, bhíothas in ann aiseolas díreach a fháil ó ghnólachtaí nuathionscanta, ó thaighdeoirí agus ó nuálaithe maidir le scrogaill i dtíolacadh tograí, i meastóireacht agus i mbainistiú deontas, rud a chuidigh le tosaíochtaí le haghaidh tuilleadh simplithe a shainaithint.

Rinneadh an cur chun feidhme a shimpliú trí **uirlisí digiteacha a cuireadh feabhas orthu**. Feabhsaíodh inúsáidteacht agus feidhmiúlacht Thairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais a thuilleadh agus tugadh isteach an aip nua 'EU funding & me', mar chuid de phróiseas a bhí bunaithe ar shuirbhé ar 30 000 iarratasóir agus tairbhí.

## 3.3. Sonraí faireacháin an Chláir Fís Eorpach

**Deiseanna cistithe**

*Foinse: Córais faireacháin inmheánaigh an Choimisiúin, 6/1/2026*

Leis na 787 nglao ar thograí faoi na cláir oibre 2021-2025 cumhdaíodh 3 061 ábhar taighde san iomlán agus buiséad EUR 67,9 billiún ann.

**Tograí tionscadail agus rátaí ratha**

*Foinse: Córais faireacháin inmheánaigh an Choimisiúin, 5/1/2026*

Leanadh de spéis láidir a léiriú sa chlár, agus cuireadh isteach **148 884** thogra incháilithe[1] le linn na tréimhse 2021-2025. D'fhan a gcáilíocht fhoriomlán cobhsaí, agus shroich níos mó ná leath de na tograí incháilithe (57 %) tairseach an scóir meastóireachta íosta.

Faoi mhí Eanáir 2026, roghnaíodh 21 329 dtogra le haghaidh cistiú ar mhaithe le ranníocaíocht measta iomlán ón Aontas de EUR 57,4 billiún. Laghdaíodh ráta ratha na dtograí go 14 % i gcomparáid le 15,3 % i mí Eanáir 2025 ach d'fhan sé níos airde ná mar a bhí sé faoi Fhís 2020 ar an iomlán (11,9 %).

Níor maoiníodh thart ar 70 % de na tograí a sháraigh an tairseach le haghaidh cistiú. Bheadh gá le cistiú breise de thart ar EUR 118,5 billiún chun na tograí sin uile a tíolacadh le linn 2021-2025 a chistiú.

**Tionscadail a cistíodh**

Faoi dheireadh 2025, bronnadh **EUR 52,8 billiún** trí **19 456 dheontas**. D'fhan meánmhéid na ndeontas cobhsaí ag EUR 2,7 milliún, níos airde ná mar a bhí sé faoi Fhís 2020 (EUR 2,3 milliún[2]), agus bhí seisear rannpháirtithe in aghaidh an tionscadail ar an meán.

Áirítear sa Chomhairle Nuálaíochta Eorpach freisin ionstraim infheistíochta cothromais, **Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí**, atá dírithe ar na gnólachtaí nuathionscanta agus na gnólachtaí atá ag méadú is nuálaí. Anuas ar na figiúirí a chuirtear i láthair sa tábla thíos, le Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, formheasadh os cionn EUR 2,3 billiún d'infheistíochtaí cothromais le haghaidh tairbhithe an chláir Fís Eorpach, a bhfuil EUR 931,9 milliún de eisíoctha go dtí seo[3].

| Cuid den Chlár | Tograí incháilithe | Tograí ar glacadh leo | Ráta ratha na dtograí (% de na tograí incháilithe) | An sciar de thograí ardcháilíocht a (% de thograí incháilithe) | Deontais shínithe | Ranníocaíocht ón Aontas i ndeontais shínithe (in EUR milliún) | Meánmhéid an deontais (in EUR milliún) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Colún 1 - Eolaíocht den Scoth** | | | | | | | |
| An Chomhairle Eorpach um Thaighde | 41 431 | 5 781 | 14 % | 27 % | 5 651 | 10 199 | 1,8 |
| Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) | 56 730 | 8 152 | 14 % | 82 % | 6 692 | 3 893 | 0,6 |
| Bonneagair thaighde | 402 | 170 | 42 % | 86 % | 179 | 1 230 | 6,9 |

[1] An líon tograí incháilithe nár cuireadh isteach ach amháin faoi na glaonna atá dúnta agus a bhfuil measúnú iomlán déanta orthu.
[2] Níl ionstraim FBM san áireamh.
[3] Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi fhiontair a fhaigheann tacaíocht ó Chiste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, féach Tuarascáil tionchair na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí 2025.

| Cuid den Chlár | Tograí incháilithe | Tograí ar glacadh leo | Ráta ratha na dtograí (% de na tograí incháilithe) | An sciar de thograí ardcháilíocht a (% de thograí incháilithe) | Deontais shínithe | Ranníocaíocht ón Aontas i ndeontais shínithe (in EUR milliún) | Meánmhéid an deontais (in EUR milliún) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Colún II - Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch Eorpach** | | | | | | | |
| Braisle 1 – Sláinte | 2 753 | 640 | 23 % | 55 % | 657 | 5 269 | 8 |
| Braisle 2 – An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach | 2 460 | 339 | 14 % | 59 % | 350 | 1 178 | 3,4 |
| Braisle 3 – an tSlándáil Shibhialta don tSochaí | 1 533 | 183 | 12 % | 64 % | 194 | 820 | 4,2 |
| Braisle 4 - Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás | 6 947 | 1287 | 19 % | 74 % | 1169 | 8 426 | 7,2 |
| Braisle 5 – Aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht (lena n-áirítear Saoráid Bauhaus Eorpach Nua) | 7 093 | 1264 | 18 % | 61 % | 1311 | 9 135 | 7 |
| Braisle 6 – Bia, an bithgheilleagar, acmhainní nádúrtha, an talmhaíocht agus an comhshaol | 4 114 | 845 | 21 % | 71 % | 839 | 4 938 | 5,9 |
| **Colún III - An Eoraip Nuálach** | | | | | | | |
| An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach | 20 340 | 1 417 | 7 % | 33 % | 1 330 | 3 532 | 2,7 |
| Éiceachórais nuálaíochta na hEorpa | 1 502 | 275 | 18 % | 58 % | 282 | 304 | 1,1 |
| an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht[4] | 40 | 36 | 90 % | 100 % | 35 | 2 115 | 60,4 |
| **Rannpháirtíocht a Mhéadú agus an Limistéar Eorpach Taighde a Neartú** | | | | | | | |

[4] Leis an bhfigiúr, ní thagraítear ach do na deontais lena dtionscnaítear Pobail Eolais agus Nuálaíochta na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, a gcuirtear de chúram orthu ansin na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

| Cuid den Chlár | Tograí incháilithe | Tograí ar glacadh leo | Ráta ratha na dtograí (% de na tograí incháilithe) | An sciar de thograí ardcháilíocht a (% de thograí incháilithe) | Deontais shínithe | Ranníocaíocht ón Aontas i ndeontais shínithe (in EUR milliún) | Meánmhéid an deontais (in EUR milliún) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh | 3 165 | 831 | 26 % | 77 % | 657 | 1 487 | 2,3 |
| Córas T&N na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú | 374 | 109 | 29 % | 69 % | 110 | 236 | 2,1 |
| **Iomlán don chlár Fís Eorpach** | **148 88 4** | **21 32 9** | **14 %** | **57 %** | **19 456** | **52 760** | **2,7** |

*Tábla 1 Tograí agus deontais shínithe in aghaidh chuid an chláir, le linn 2021-2025 (Foinse: Deaiseanna na dTograí agus na dTionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach arna reo an 5/1/2026)*

**Aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais an Aontais**

*Foinse: Ráiteas maidir le Clár Feidhmíochta an chláir Fís Eorpach*

Tá ról lárnach ag T&N chun dlús a chur leis an aistriú glas. Go dtí seo, tá an clár Fís Eorpach ar an mbóthar ceart chun a sprioc 35 % den chaiteachas a leithdháiltear chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide a bhaint amach, agus beidh gá le tuilleadh oibre chun an sprioc 10 % den chaiteachas ar an mbithéagsúlacht le haghaidh 2026-2027 a bhaint amach.

In 2025, leithdháileadh thart ar EUR 58,7 milliún freisin ar thionscadail arb é is príomhchuspóir dóibh feabhas a chur ar chomhionannas inscne agus leithdháileadh thart ar EUR 1 848 milliún ar thionscadail a bheidh ina rannchuidiú le comhionannas inscne.

**Iarratasóirí agus tairbhithe**

*Foinse: Córais faireacháin inmheánaigh an Choimisiúin, 5/1/2026*

Tá **31 006 rannpháirtí éagsúla** ó **175 thír difriúla** páirteach sna tionscadail a síníodh sna chéad 5 bliana den chlár, lena n-áirítear rannpháirtíocht de 35 %[5] ó FBManna. Ar an meán, glacann gach rannpháirtí páirt in 3,9 tionscadal.

Is **rannpháirtithe nua** sa chlár ('núíosaigh') iad 55 % de na rannpháirtithe uile i gcomparáid le 54 % bliain ó shin. Tá ráta rannpháirtíochta na núíosach (i.e. an méanlíon tionscadal a ndeachaigh gach rannpháirtí isteach iontu) níos ísle ná rátá rannpháirtíochta na neamhnúíosach (1,2 i gcomparáid le 5). Is ón earnáil phríobháideach den chuid is mó a thagann núíosaigh – agus roinnt acu ó FBManna – agus deonaíodh 16,7 % de chistiú uile an chláir Fís Eorpach dóibh go dtí seo.

[5] De rannpháirtithe uathúla.

Tagann an sciar is airde de na rannpháirtithe ó institiúidí ardoideachais (35 %), a fhaigheann an ranníocaíocht airgeadais is airde (EUR 19 mbilliún). Is eintitis san earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí taighde iad 30 % agus 22 % de na rannpháirtithe agus faigheann siad EUR 13,5 billiún agus EUR 14 bhilliún faoi seach.

Is rannpháirtithe ó na Ballstáit iad beagnach 80 % de na hiarratais incháilithe uile a cuireadh isteach, agus is ó thíortha a thagann faoin bhfairsingiú a tháinig 19 % díobh. Ar an iomlán, bronnadh EUR 47,3 billiún nó 89,6 % de na cistí ar na Ballstáit. Bronnadh 13,1 % de na cistí ar na Ballstáit a thagann faoin bhfairsingiú[6], sciar níos airde ná mar a bronnadh ar na tíortha céanna faoi Fhís 2020.

Rinneadh an modh tuairiscithe do thíortha comhlachaithe an chláir Fís Eorpach a oiriúnú sa tábla thíos chun an dáta a tháinig an comhaontú comhlachais i bhfeidhm a léiriú.

| **Grúpa tíortha** | **Iarratais i dtograí incháilithe** | **% d'iomlán na n-iarratas** | **Ráta ratha an iarratais** | **Rannpháirtíocht i ndeontais shínithe** | **% de na rannpháirtíochtaí uile** | **Ranníocaíocht ón Aontas i ndeontais shínithe (i milliúin EUR)** | **% de ranníocaíocht iomlán ón Aontas i ndeontais shínithe** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Na Ballstáit | 518 481 | 80 % | 18 % | 99 895 | 83 % | 47 292 | 89 % |
| *Tíortha nach dtagann faoin bhfairsingiú* | 395 074 | 61 % | 19 % | 79 093 | 66 % | 40 371 | 76 % |
| *Tíortha a thagann faoin bhfairsingiú* | 123 407 | 19 % | 16 % | 20 802 | 17 % | 6 921 | 13 % |
| Tír chomhlachaithe (gan an Eilvéis) | 61 637 | 10 % | 15 % | 8 613 | 7 % | 4 470 | 8,5 % |
| an Eilvéis – tír chomhlachaithe | 2 690 | 0,4 % | 14 % | 75 | 0,1 % | 92 | 0,2 % |
| an Eilvéis – tríú tír neamhchomhlachaithe | 12 101 | 2 % | 21 % | 2 827 | 2 % | 126 | 0,2 % |
| Tríú tíortha | 49 748 | 8 % | 20 % | 9 062 | 7 % | 780 | 1 % |
| ***IOMLÁN*** | **644 657** | **-** | **-** | **120472** | **-** | **52 761** | **-** |

*Tábla 2: Tír thionscnaimh na n-iarratasóirí agus na dtairbhithe*

**Príomhchonairí tionchair**

[6] Na Ballstáit amháin (An Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Ghréig, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic).

*Foinse: Deais na bPríomhchonairí Tionchair arna reo an 5/1/2026*

Tugadh isteach príomhchonairí tionchair sa chlár Fís Eorpach chun tionchar an chláir a rianú trí tháscairí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha.

Tá na sonraí bunaithe go príomha ar chóras tuairiscithe thréimhsiúil an tionscadail. Dúnadh 2 664 thionscadal (14 %) tráth na hanailíse sin agus bhí tuarascáil thréimhsiúil amháin ar a laghad curtha i gcrích ag 40 % de na tionscadail. Ós rud é go dteastaíonn líon mór tionscadal chun deireadh a chur le formhór na dtáscairí meántéarmacha agus fadtéarmacha sula dtugtar torthaí fóinteacha, dírítear sa roinn seo ar tháscairí gearrthéarmacha amháin.

*Tionchar eolaíoch*

- Go dtí seo, tá 18 478 bhfoilseachán phiarmheasúnaithe (príomhchonair thionchair 1) tuairiscithe ag tionscadail an chláir Fís Eorpach.
- Tá 126 407 taighdeoir luathghairme páirteach sa chlár Fís Eorpach (príomhchonair thionchair 2), ar mná iad 44 % díobh.
- Cuireadh 80,8 % de na haschuir thaighde arna dtáirgeadh ag an gclár (foilseacháin, tacair sonraí, bogearraí) ar fáil i rochtain oscailte trí thairbhithe (príomhchonair thionchair 3).

*Tionchar sochaíoch*

- Clibeáiltear go bhfuil os cionn 99 % d'aschuir uile an chláir Fís Eorpach ábhartha do cheann de thosaíochtaí beartais an Aontais – tosaíochtaí Choimisiún 2019-2024, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, nó spriocanna maidir le hoiriúnú don athrú aeráide/maolú ar an athrú aeráide (príomhchonair thionchair 4)[7].
- Tá 206 fhoilseachán phiarmheasúnaithe agus 284 thoradh nuálacha curtha ar fáil ag tionscadail Mhisean an Aontais (príomhchonair thionchair 5).
- Tá sásraí struchtúrtha ag 41 % de na tionscadail le gur féidir leis an bpobal nó le húsáideoirí deiridh a bheith páirteach i gcomhchruthú ábhar T&N (príomhchonair thionchair 6).

*Tionchar eacnamaíoch/teicneolaíoch*

- Tuairiscíodh sna tionscadail 7 645 aschur nuálacha (táirgí, próisis, modhanna, etc.). Ina theannta sin, tá 283 aschur neamhrúnda de cheart maoine intleachtúla dearbhaithe cheana féin ag tairbhithe, 94 iarratas ar phaitinn díobh – líon a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh méadú air nuair a chuirfear deireadh le rúndacht a bhaineann le formhór na n-iarratas (príomhchonair thionchair 7).
- Leis na tionscadail chistithe, tacaítear le 95 798 bpost ar a laghad (fostaithe coibhéiseacha lánaimseartha) in eintitis dhlítheanacha rannpháirteacha (príomhchonair thionchair 8).

---

[7] Ní áirítear an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ná an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht sa ríomh.

- I dteannta na hinfheistíochta tosaigh ón Aontas, rinne rannpháirtithe tionscadail comhinfheistíochtaí díreacha dar luach EUR 12,9 billiún ar a laghad (príomhchonair thionchair 9).

**Béim ar chomhpháirtíochtaí Eorpacha**

*Foinse: Deais na dTionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach arna reo an 5/1/2026*

Faoi dheireadh 2025, bhí 54 chomhpháirtíocht Eorpacha gníomhach, agus bhí dhá cheann le síniú i mí Eanáir 2026 agus ceithre cinn eile le síniú níos déanaí. Síníodh 1 345 dheontas san iomlán ar fud na gcomhpháirtíochtaí uile, ina raibh 9 568 rannpháirtí uathúla rannpháirteach agus a raibh ranníocaíocht EUR 12,5 billiún ón Aontas i gceist leo.

Ó bhí 2021 ann, shínigh **10 gcomhghnóthas ghníomhacha**[8] 701 dheontas dar luach **EUR 6,7 billiún** san iomlán agus a raibh 5 350 rannpháirtí uathúla páirteach iontu. Ina theannta sin, bhí **EUR 4,3 billiún** ón gclár Fís Eorpach ina thacú le 11 **chomhpháirtíocht chomhchláraithe**, agus 635 dheontas á dtabhairt do 4 944 eagraíocht ar leith. Maidir le **comhpháirtíochtaí comhchistithe**, síníodh 18 gcomhaontú deontais dar luach EUR 1,5 billiún san iomlán, lena mbaineann 754 rannpháirtí uathúla.

**Béim ar mhisin Eorpacha**

*Foinse: Deaiseanna na dTograí agus na dTionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach arna reo an 5/1/2026*

I gclár oibre 2025, seoladh naoi nglao ar mhisin. Idir 2021 agus 2025, mealladh 1 515 thogra incháilithe le glaonna a bhaineann le misin. Síníodh 321 dheontas, lenar bhain 3 845 thairbhí agus EUR 2,48 billiún san iomlán.

## 3.4. Grinnanailís: Splancanna faireacháin an chláir Fís Eorpach agus staidéir eile

Foilsíodh roinnt tuarascálacha téamacha maidir le cur chun feidhme agus feidhmíocht an chláir Fís Eorpach in 2025:

- splanc faireacháin ina gcuirtear i láthair forbhreathnú ar chomhionannas inscne i gcláir T&N an Aontais;
- splanc faireacháin lena gcuirtear i láthair rannchuidiú an chláir Fís Eorpach le cúig Mhisean an Aontais;
- staidéar lena bhforbraítear cainníochtú ar shochair chomhshaoil an chláir Fís Eorpach, go háirithe trí choigilteas fuinnimh nó acmhainní;
- staidéar ina ndéantar measúnú ar thionchar maicreacnamaíoch an chláir Fís Eorpach ar OTI agus ar fhostaíocht;
- splanc faireacháin maidir le leibhéil na hullmhachta teicneolaí a úsáid sa chlár Fís Eorpach;

[8] Comhpháirtíochtaí institiúidithe bunaithe ar Airteagal 187 CFAE.

- staidéar ina ndéantar breithniú ar 20 bliain de thaighde slándála (sibhialta) arna chistiú ag an Aontas.

**Meastóireacht eatramhach an Chláir Fís Eorpach**

I mí Aibreáin, d'fhoilsigh an Coimisiún an mheastóireacht eatramhach ar an gclár Fís Eorpach. Eisíodh Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle freisin, inar soláthraíodh ceachtanna a foghlaimíodh agus tograí le haghaidh gníomhaíocht amach anseo. Léirítear sna príomhthorthaí tionchar láidir an chláir Fís Eorpach trí nuálaíochtaí inláimhsithe agus a bharrfheabhas eolaíochta. Leis an gclár, cuirtear le tionchar na nuálaíochta, agus le gach euro a infheistítear trí Chiste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí mealltar os cionn trí euro in infheistíocht phríobháideach. Tá méadú tagtha freisin ar an rannpháirtíocht ó Bhallstáit a thagann faoin bhfairsingiú go 58 % ó 47 % faoi Fhís 2020.

**Measúnú tionchair agus togra le haghaidh an chláir Fís Eorpach agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas a bheidh ann amach anseo**

D'fhoilsigh an Coimisiún measúnú tionchair le haghaidh an chláir Fís Eorpach (2028-2034) a bheidh ann amach anseo agus maidir le Ciste Eorpach um Iomaíochas nua freisin. Ina dhiaidh sin, ghlac sé tograí le haghaidh an dá chlár idirnasctha, rud a thacóidh leis an aistear nuálaíochta ina iomláine ón tsaotharlann go dtí an margadh. Tar éis don Choimisiún iad a ghlacadh i mí Iúil, tá na tograí á gcaibidliú anois ag na comhreachtóirí.

### 3.5. Scaipeadh agus saothrú

Lean an Coimisiún d'Ardán Thorthaí an chláir Fís Eorpach agus den tseirbhís Treiseora a reáchtáil agus a fhorbairt chun tacú le tairbhithe an chláir Fís Eorpach a dtorthaí a scaipeadh agus a shaothrú. Rinneadh 569 dtoradh nua a uaslódáil ar Ardán Thorthaí an chláir Fís Eorpach agus, leis an Ardán, tacaíodh go gníomhach le 25 chuideachta ar a n-aistear dul ar an margadh trí chistiú agus deiseanna tiomnaithe chun páirt a ghlacadh in imeachtaí infheisteoirí. Leis an Treiseoir, cuireadh 764 sheirbhís ar fáil do 1 602 thairbhí, idir scaipeadh agus tacaíocht dul ar an margadh.

Chuir an Coimisiún roinnt foilseachán CORDIS ar fáil, lena n-áirítear 20 Pacáiste Téamach, 10 bhfíseán 'Torthaí go Achomair' agus 10 n-eagrán den phodchraoladh CORDIScovery.

### 3.6. Clár Taighde agus Oiliúna Euratom a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air

Tar éis an togra ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle síneadh le clár taighde agus oiliúna Euratom le haghaidh 2026 agus 2027, a bhfuil an mheastóireacht eatramhach ar chlár 2021-2025 mar bhonn taca leis.

Tá buiséad iomlán EUR 1,38 billiún ag clár 2021-2025. Cuirtear chun feidhme é trí ghníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha, is iad sin 38,5 % agus 61,5 % den bhuiséad faoi seach. Faoi shnáithe na ngníomhaíochtaí indíreacha, síníodh 61 dheontas tionscadail faoi dheireadh 2025, lena n-áirítear ceithre chomhpháirtíocht chomhchistithe. Leo sin, tugadh 578 rannpháirtí uathúla le chéile agus bhí EUR 816 mhilliún i ranníocaíochtaí Euratom i gceist leo.

I mí Mheán Fómhair, d'foilsigh an Coimisiún a thogra le haghaidh an chéad chlár taighde agus oiliúna Euratom eile (2028-2032).

### a) Gníomhaíochtaí díreacha núicléacha arna gcur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde

In 2025, chuir an tAirmheán Comhpháirteach Taighde 102 alt phiarmheasúnaithe ar fáil maidir le hábhair a bhaineann le taighde núicléach, 90 tuarascáil theicniúla, trí mhír d'ábhar tagartha agus trí mhodh bhailíochtaithe arna n-ionchorprú i leabharlanna núicléacha idirnáisiúnta, ceithre chóras theicniúla arb é is aidhm dóibh coimircí núicléacha a threisiú agus rannchuidiú amháin le caighdeáin idirnáisiúnta.

Rannchuidigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde le plean gníomhaíochta straitéiseach na n-imoibreoirí modúlacha beaga, arna fhormhuiniú ag an gComhghuaillíocht Thionsclaíoch Eorpach um Imoibreoirí Modúlacha Beaga, arb é is aidhm dó a bhforbairt agus a gcur in úsáid sábháilte a éascú faoi 2030.

### b) Gníomhaíochtaí indíreacha chlár taighde & oiliúna Euratom

Sheol an Coimisiún tionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sainscileanna núicléacha, go háirithe maidir le sábháilteacht núicléach, teicneolaíochtaí nuálacha agus cosaint ar radaíocht. Leis an tionscadal Skills4Nuclear, tacaítear le lucht saothair cáilithe a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí núicléacha atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn. An tráth céanna, sheol comhpháirtíocht chomhchistithe PIANOFORTE, le 108 gcomhpháirtí ar fud 26 thír, a tríú glao oscailte trasnáisiúnta, agus roghnaigh sé thionscadal nua. Leis an gcomhpháirtíocht chomhchistithe EURAD 2, neartaíodh cumais Eorpacha a thuilleadh trína clár soghluaisteachta a sheoladh.

## 4. IONCHAIS LE HAGHAIDH 2026

In 2026, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún éiceachóras T&N na hEorpa a neartú tríd an **Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht** agus tríd an **nGníomh um an Limistéar Eorpach Taighde**. Leo sin, cuirfear dlús le glacadh na nuálaíochta sa mhargadh, déanfar tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta a ailíniú, agus cuideofar leis an sprioc infheistíochta 3 % de OTI T&N a bhaint amach ar fud an Aontais. Leis na tionscnaimh sin, cuideofar le smaointe nuálacha a thabhairt chuig an margadh ar fud na n-earnálacha uile, le hilroinnt a laghdú, agus feabhsófar saorghluaiseacht taighdeoirí, eolais agus teicneolaíochta.

In 2026, seolfar an **Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú**, ar ciste ilbhilliún euro é, chun tacú leis na cuideachtaí teicneolaíochta straitéisí is mó a bhfuil gealladh fúthu san Eoraip, agus seolfar an **Gníomh um Ardábhair**, a bhfuil sé d'aidhm aige dlús a chur leis an nuálaíocht agus le huas-scálú ardábhar. Seolfar tionscnaimh nua T&N freisin i réimsí lena n-áirítear **intealacht shaorgra, ceallraí, rochtain ar shonraí, sláinte, aeráid, talmhaíocht, forbairt tuaithe, an bhithéagsúlacht, athléimneacht na n-aigéan** agus **uisce**, i measc réimsí eile.